

# MARCUS MÓR MAC THUATHALÁIN

I Muighinis a rugadh agus a tógadh é. San áit a bhfuil muinntir Laidhe i Muighinis a bhí sé ina chomhnaidhe. Saor báid a bhí ann agus bhí beirt dreathár aige ina saoir báid. Bhí sé féin agus Tadhg na Buile nó Ceithearnach eicint i n-áthrach a chéile agus d'athruigh sé go Leitir Mealláin. Rinne an triúr dreathár sliúp agus chuadar go Geansa ag iarraidh lucht tobac. Bhíodar ag imtheacht mar sin go rabhadar cúig uair i dtír i gCuan Chalaídh Ghúlaim nuair a tháinig soitheach an Ríogh is thóigeadar í. Thóigeadar an soitheach 's an caiptín, gur fhíneáladar an caiptín £100. Thugadar an sliúp agus an tobac leob. Marcus a bhí ina chaipitín agus rith an bheirt dreathár ar siubhal. Níor tháinigeadar ar ais go Leitir Méalláin ariamh. Chuir fear aca faoi i gCois Fhairrge, san Lochán Beag. Bhí aithne agam ar Mháirtín Thomáis Bhartailiméid, duine aca a bhí sa Lochán Beag. Chuala mé mo sheanmháthair á rádh; seanathair mo mháthar Marcus Mór, beannacht Dé le n'anam.

Mícheál Bairéad, m'oncal, cailleadh é ag Oileán Dá Bhrúithneog. Ní dheachaidh sé go Geansa ariamh. Seanathair dó Marcus Mór; bhíodh sé a' tarraingt sleanntracha as Malbay go Gaillimh. Marcus Bairéad m'oncal, agus dreatháir dó Seán Ó Domhnaill a thug na sleanntracha go Ceann Léime. Nuair a bhí an Teach Soluis dhá dhéanamh as Malbay a thugadar iad ina bhád.